# Modúl 2
# An Taismeach Neamhaireachtálach

## Torthaí Foghlama

Beidh daltaí:

- ag foghlaim faoin dóigh le scairteadh amach le cuidiú a iarraidh;
- ag oscailt feadáin anála;
- ag seiceáil faoi choinne gnáthanálaithe; agus
- ag foghlaim faoin dóigh a gcuirtear duine i luí téarnaimh.

## Acmhainní

- **Cártaí Scileanna: 2a Cad é ba cheart dom a dhéanamh muna músclóidh duine?** agus **2b Eolas a chur ar an luí téarnaimh**
- **Cártaí Gníomhaíochta: 2a Comharthaí a Chuardach, 2b Aicsean, 2c Cuidiú a fháil**
- Físeán **Milly's Day** agus/nó físeán **Train Station**

## Nótaí Teagaisc

- Intreoir – Gabh siar ar an tseisiún dheireanach. **Cuir béim ar an tábhacht a bhaineann le seiceáil a dhéanamh faoi chontúirtí** agus **le seiceáil a dhéanamh faoi choinne freagartha**.
- Taispeáin an físeán **Milly's Day** agus/nó an físeán **Train Station**.
- Iarr ar na daltaí míniú a thabhairt ar an rud a chonaic siad.
- Cad é a tharla nuair a rinne an duine iarracht an taismeach a mhúscailt?
- Cén dóigh a bhfuil a fhios ag an duine má tá an taismeach ag análú mar is ceart? Ba cheart breathnú ar análú an taismigh ar feadh deich soicind. Taobh istigh de dheich soicind ba cheart go mbeadh dhá gnáthanáil ann. Muna bhfuil anáil ar bith ann, nó má ligeann an taismeach cnead tá fadhb leis an análú ann.
- Ansin, cad é a dhéanann sé?
- Déan plé ar an téarma 'neamhaireachtáil' – nuair atá duine ag análú mar is ceart ach nach dtig leis múscailt.
- Gabh siar ar scairteadh amach le cuidiú a iarraidh trí **Chárta Gníomhaíochta: 2c Cuidiú a fháil**.
- Léirigh don rang an dóigh le scairteadh amach le cuidiú a iarraidh agus iarr ar na daltaí cleachtadh a dhéanamh air sin.
- Gabh siar ar scairt éigeandála a chur. Déan dráma samplach le dalta agus iarr ar na daltaí eile na treoracha a scairteadh amach do gach céim.
- Bain úsáid as mainicín leis an dóigh le feadán anála a oscailt a léiriú don rang. Iarr ar na daltaí a gcloigeann a chlaonadh siar chomh fada agus is féidir leo agus iad ina suí go fóill. Ansin, iarr orthu iarracht a dhéanamh slogadh, (léireoidh sin an tionchar a bhíonn ag claonadh cloiginn / ardú smige) rud atá tú i ndiaidh a thaispeáint ar an mhainicín.
- Agus tú ag coinneáil an fheadáin anála oscailte, léirigh an dóigh le hamharc, éisteacht agus mothú faoi choinne gnáthanálaithe.
- Cuir na daltaí i mbeirteanna agus iarr orthu cleachtadh a dhéanamh ar an rud atá tú i ndiaidh a léiriú. Le cuidiú leo, is féidir úsáid a bhaint as **Cárta Scileanna: 2a Cad é ba cheart dom a dhéanamh muna músclóidh duine?**
- Mínigh luí téarnaimh: Cuireann muid taismigh neamhaireachtálacha i luí téarnaimh lena gcoinneáil sábháilte. **Déantar sin le stad a chur lena dteanga ag titim chuig cúl a mbéil agus le bac a sheachaint san fheadán anála. Caithfear an feadán anála a choinneáil glan le go dtig leo análú mar is ceart.**
- Iarr ar dhalta teacht amach agus an dóigh a gcuirtear duine i luí téarnaimh a léiriú don rang.


© CCEA 2022

# Modúl 2 - An Taismeach Neamhaireachtálach

- Iarr ar na daltaí cleachtadh a dhéanamh ar dhaoine a chur i luí téarnaimh. Le cuidiú leo, thig leo úsáid a bhaint as **Cárta Scileanna: 2b Eolas a chur ar an luí téarnaimh**.
- Cuir na daltaí i ngrúpaí de thriúr agus iarr orthu sealanna a ghlacadh mar thaismeach agus mar tharrthálaí. Míneoidh an duine eile na rudaí atá ag tarlú. Léirigh tábhacht an tarrthálaithe agus an tábhacht a bhaineann le fanacht socair ach le smacht a fháil agus le gníomh PRÁINNEACH ceannasach a dhéanamh.
- Cuir i gcuimhne do na daltaí go gcaithfear treoracha soiléire gonta a thabhairt.
- Breathnaigh ar na daltaí agus déan ceartú más gá.

**NB:** Beidh spás urláir mór oscailte de dhíth le cleachtadh a dhéanamh ar an luí téarnaimh.

## Smaointe Breise agus Naisc Thraschuraclaim

- **Eolaíocht agus Teicneolaíocht (Bitheolaíocht)**
  - Daingnigh an tábhacht a bhaineann leis an fheadán anála a bheith oscailte.
  - Mínigh an dóigh a n-oibríonn an feadán anála trí iarraidh ar na daltaí a lámh a chur os comhair a mbéal lena n-análacha a mhothú.
- **Na hEalaíona (Ealaín), Teanga agus Litearthacht, Úsáid TFC**
  - Daingnigh foghlaim na ndaltaí trí iarraidh orthu póstaeir a dhearadh ar 'An dóigh le cuidiú le taismeach neamhaireachtálach'. Iarr orthu gach céim a scríobh nó a tharraingt in ord.


© CCEA 2022

# Modúl 2 - An Taismeach Neamhaireachtálach

## CFS FASD

Cuideoidh na céimeanna seo leis na daltaí cuimhneamh ar cad é atá le déanamh i gcás éigeandála.

**D**

### Contúirt

Déan seiceáil nach bhfuil contúirt ann.

**R**

### Freagra

An dtig leis an duine freagra a thabhairt nó an bhfuil sé neamhaireachtálach?

**S**

### Scairt

Scairt amach le cuidiú a iarraidh.

**A**

### Feadán Anála

Claon siar cloigeann an taismigh agus tóg a smig lena fheadán anála a oscailt.

**B**

### Análú

Déan seiceáil go bhfuil an duine ag análú mar is ceart (ar feadh 10 soicind).

**C**

### Scairt ar 999

Scairt ar otharcharr – is é an chead cheist a chuirfear ort – 'an bhfuil an duine ag análú mar is ceart?' Abair go bhfuil nó nach bhfuil.

### ACS

Cuir tús le ACS trí 30 comhbhrú cliabhraigh a thabhairt ansin dhá anáil tarrthála. Ná tabhair anáil tarrthála má tá tú buartha faoi Covid nó munar mhaith leat análú béal le béal a dhéanamh. Má tá an duine ag análú, cuir sa luí téarnaimh é.

**D**

### Dífhibriliú

Nuair a scairteann duine atá ar an láthair ar 999, fiafróidh an t-oibritheoir má tá duine ag déanamh ACS. Má tá, fiafróidh an t-oibritheoir má tá duine eile a d'fhéadfadh dul le dífhibrileoir a fháil. Inseoidh an t-oibritheoir don duine an áit a bhfuil an dífhibrileoir is cóngaraí nó má tá a fhios ag an duine go bhfuil dífhibrileoir in aice láimhe ba cheart dó é a fháil. Ansin, inseoidh sé don duine ar an láthair faoin áit a bhfuil an dífhibrileoir is cóngaraí atá réidh le húsáid i gcás éigeandála.



© CCEA 2022